Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13082/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0256 (NLE)**

**POLCOM 316**
**FDI 40**
**SERVICES 48**
**COLAC 106**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 462 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an gComhaontú lena nÉascaítear infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 462 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 462 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
COM(2026) 462 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an gComhaontú lena nÉascaítear infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú**

# AN COMHAONTÚ LENA N-ÉASCAÍTEAR INFHEISTÍOCHT INBHUANAITHE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT EACUADÓR

CLÁR NA nÁBHAR

BROLLACH

CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

CAIBIDIL II – TRÉDHEARCACHT AGUS INTUARTHACHT

CAIBIDIL III – NÓSANNA IMEACHTA ÚDARAITHE A CHUÍCHÓIRIÚ

CAIBIDIL IV – POINTÍ FÓCASACHA AGUS RÓL A THABHAIRT DO PHÁIRTITHE LEASMHARA

CAIBIDIL V – INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

CAIBIDIL VI – AGÓID A SHEACHAINT AGUS A RÉITEACH

CAIBIDIL VII – COMHAR AGUS FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

CAIBIDIL VIII – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

IARSCRÍBHINN – FUINNEAMH INBHUANAITHE AGUS AMHÁBHAIR

BROLLACH

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

agus

POBLACHT EACUADÓR, dá ngairtear 'Eacuadór' anseo feasta,

dá ngairtear 'na Páirtithe' orthu i gcomhpháirt agus 'Páirtí' orthu ar leithligh anseo feasta,

DE BHRÍ gur mian leo a naisc eacnamaíocha a neartú a thuilleadh agus dlúthchaidreamh buanseasmhach a bhunú ar chomhpháirtíocht agus comhar chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn,

ÓS MIAN LEO infheistíocht a shlógadh agus a choinneáil, deiseanna fostaíochta nua a chruthú, agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú ina gcríocha,

Á AITHINT DÓIBH an gá le hinfheistiú a éascú trí thrédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú, trí nósanna imeachta údaraithe a chuíchóiriú agus trí páirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta,

CREIDEANN siad go gcuireann bearta maidir le hinfheistíocht a éascú feabhas ar infheistíocht i micrifhiontair agus i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar an infheistíocht a dhéanann siad (dá ngairtear 'MFBManna' anseo feasta),

Á AITHINT DÓIBH gur féidir leis an infheistíocht tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an bhfás eacnamaíoch agus le héagsúlú gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus gur féidir léi rannchuidiú leis na spriocanna a shainítear faoin doiciméad deiridh dar teideal 'An domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 (dá ngairtear 'Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe' anseo feasta),

Á AITHINT DÓIBH an tábhacht a bhaineann le cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme,

AG DEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas do Chairt na Náisiún Aontaithe agus ag féachaint do na prionsabail a chumhdaítear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,

AG CUIMHNEAMH DÓIBH an Prótacal Aontachais leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun aontachas Eacuadór a chur san áireamh, a síníodh sa Bhruiséil an 11 Samhain 2016,

AG DEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas daingean do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Eanáir 2017 le haghaidh Eacuadór agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2024, lena n-áirítear a ngealltanas a rannpháirtíocht a neartú chun toradh uaillmhianach ar an bhforbairt inbhuanaithe a bhaint amach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí

Is é is aidhm don Chomhaontú seo éascú a dhéanamh ar infheistíocht dhíreach choigríche idir na Páirtithe a mhealladh, a choinneáil agus a leathnú ar mhaithe le héagsúlú eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

1. D'fhonn infheistíocht dhíreach choigríche a éascú, tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí infheistíochta infheisteoirí an Pháirtí eile.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, agus an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear gníomhaíocht in aghaidh an athraithe aeráide, nó an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta, cosaint tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí, agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint.

3. Leis an gComhaontú seo, ní chruthaítear ná ní mhodhnaítear gealltanais maidir le léirscaoileadh infheistíochtaí, agus ní chruthaítear ná ní mhodhnaítear rialacha maidir le cosaint infheisteoirí ná a gcuid infheistíochtaí bunaithe i gcríocha na bPáirtithe ná rialacha maidir le réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus stáit.

AIRTEAGAL 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí infheistíochta' infheistíocht a bhunú, a fháil, a leathnú, a oibriú, a bhainistiú, a choinneáil ar bun, agus a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile;

(2) ciallaíonn 'údarú' an cead ó údarás inniúil chun aon ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a shaothrú, ar cead é a fhaightear ó nós imeachta nach mór d'infheisteoir cloí leis chun na ceanglais is gá a chomhlíonadh;

(3) ciallaíonn 'údarás inniúil' rialtas nó údarás lárnach, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht neamhrialtasach a fheidhmíonn cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtas nó údarás lárnach, réigiúnach nó áitiúil agus atá i dteideal údarú a dheonú;

(4) ciallaíonn 'infheisteoir de chuid Páirtí' duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le dul i mbun gníomhaíochtaí infheistíochta i gcríoch an Pháirtí eile;

(5) ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht phoiblí, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(6) ciallaíonn 'duine dlítheanach de chuid Páirtí':

(a) i gcás an Aontais Eorpaigh, duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí ceann amháin dá Bhallstáit agus atá i mbun oibríochtaí substainteacha gnó[1] i gcríoch an Aontais Eorpaigh; agus

(b) i gcás Eacuadór, duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí Eacuadór agus atá i mbun oibríochtaí substainteacha gnó i gcríoch Eacuadór;

(7) ciallaíonn 'beart' aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, chinnidh, gnímh riaracháin nó in aon fhoirm eile;

(8) ciallaíonn 'beart Páirtí' aon bheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag[2]:

(a) rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla; nó

(b) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla;

---

1 I gcomhréir lena fhógra faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh don EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint ag an Aontas Eorpach go bhfuil an coincheap 'nasc éifeachtach agus leanúnach' le geilleagar Ballstáit den Aontas Eorpach a chumhdaítear in Airteagal 54 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh coibhéiseach leis an gcoincheap 'oibríochtaí substainteacha gnó'.

2 Ar mhaithe le tuilleadh cinnteachta, le 'bearta Páirtí' cumhdaítear bearta ag eintitis a liostaítear faoi phointí (8)(a) agus (8)(b) , ar bearta iad a ghlactar nó a choinnítear ar bun trí iompar eintiteas eile maidir leis na bearta sin a threorú, a stiúradh nó a rialú, go díreach nó go hindíreach.

(9) ciallaíonn ‘duine nádúrtha de chuid Páirtí’:

(a) náisiúnach de Bhallstát de chuid an Aontais de réir a dhlí, i gcás an Aontais[3]; agus

(b) náisiúnach Eacuadór, de réir a dhlí, i gcás Eacuadór;

agus

(10) ciallaíonn ‘foilsiú’ rud a chur ar fáil i bhfoilseachán oifigiúil amhail iris oifigiúil, nó ar shuíomh gréasáin.

## AIRTEAGAL 4

### Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir a thabhairt láithreach agus gan choinníoll d’infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus dá n-infheistíochtaí, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, d’infheisteoirí de chuid aon tíre eile agus dá n-infheistíochtaí, agus na forálacha a leagtar amach sa Chomhaontú seo á gcur i bhfeidhm ina chríoch.

[3] Áirítear freisin sa sainmhíniú ar dhuine nádúrtha daoine atá ina gcónaí go buan i bPoblacht na Laitvia nach saoránaigh iad de Phoblacht na Laitvia nó d’aon stát eile ach atá i dteideal, faoi dhlí Phoblacht na Laitvia, pas neamhshaoránach a fháil.

2. Ní fhorléireofar mír 1 mar mhír a chuireann d'oibleagáid ar Pháirtí cóir a thabhairt d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile ná dá n-infheistíochtaí ar cóir í a eascraíonn as:

(a) bearta lena bhforáiltear d'aitheantas, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do na caighdeáin nó critéir maidir le duine nádúrtha nó fiontar a údarú, a cheadúnú nó a dheimhniú chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, agus aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta dá dtagraítear i mír 3 den Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann leis an gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh ag Marrakech an 15 Aibreán 1994; nó

(b) aon chomhaontú déthaobhach, réigiúnach nó iltaobhach lena n-áirítear gealltanais chun gach bacainn ar infheistíocht i measc na bpáirtithe a dhíothú go substaintiúil nó lena gceanglaítear comhfhogasú reachtaíocht de chuid na bpáirtithe in earnáil eacnamaíoch amháin nó níos mó.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní hé gur 'cóir' dá dtagraítear i mír 1 atá sna forálacha a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile arna dtabhairt i gcrích ag Páirtí agus dá bhrí sin, ní féidir na forálacha a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar shárú an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 5

Bearta in aghaidh an éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile

1. Aithníonn na páirtithe an tionchar diúltach atá ag an éilliú, sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, calaois chánach agus imghabháil cánach ar gheilleagair agus sochaithe, lena n-áirítear bac a chur ar an bhforbairt inbhuanaithe agus an infheistíocht a dhíspreagadh.

2. Deimhníonn gach Páirtí a ghealltanas bearta leormhaithe a ghlacadh chun an t-éilliú, sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, calaois chánach agus imghabháil cánach a chosc agus a chomhrac, maidir le hábhair a chumhdaítear sa Chomhaontú seo, i gcomhréir le caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a d'fhormhuinigh an Páirtí sin nó a dtacaíonn an Páirtí sin leo, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 31 Deireadh Fómhair 2003, agus Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear 'ECFE' anseo feasta) d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Freagrach Gnó, chomh maith leis na caighdeáin atá ann faoi láthair in réimse an chánachais idirnáisiúnta.

## CAIBIDIL II

## TRÉDHEARCACHT AGUS INTUARTHACHT

### AIRTEAGAL 6

### Bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu a riar

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar gach beart a bhfuil feidhme ghinearálta aige agus a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo a riar ar bhealach réasúnta, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

## AIRTEAGAL 7

### Ceanglais foilseacháin

Na bearta ábhartha uile a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, déanfaidh gach Páirtí iad a fhoilsiú go pras nó cuirfidh siad ar fáil go poiblí iad i scríbhinn ar bhealach a fhágfaidh go bhféadfar na hinfheisteoirí a chur ar an eolas fúthu agus, seachas i gcás éigeandála, déanfaidh siad sin tráth a dteacht i bhfeidhm ar a dhéanaí.

## AIRTEAGAL 8

### Foilsiú roimh ré agus deis barúlacha a chur in iúl

1. A mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, foilseoidh gach Páirtí[4] an méid seo a leanas roimh ré:

(a) na tograí le haghaidh dlíthe agus rialachán a bhfuil feidhm ghinearálta acu atá le glacadh i ndáil le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo; nó

(b) doiciméid inar leor na sonraí a thugtar maidir leis na tograí dá dtagraítear i bpointe (a) chun deis a thabhairt d'infheisteoirí agus do dhaoine leasmhara eile a mheas an bhféadfaí difear suntasach a dhéanamh dá leasanna agus conas a dhéanfaí difear suntasach dóibh.

---

[4] Tuigeann na Páirtithe go n-aithnítear i míreanna 1 go 4 go bhfuil córais éagsúla ag na Páirtithe chun comhairliúchán a dhéanamh maidir le bearta áirithe sula mbeidh siad críochnaitheach, agus go léiríonn na roghanna malartacha a leagtar amach i mír 1 córais dlí éagsúla.

2. A mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, moltar do gach Páirtí mír 1 a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu, nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin a bheartaíonn sé a ghlacadh i ndáil le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

3. A mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, tabharfaidh gach Páirtí deis réasúnta d'infheisteoirí agus do dhaoine leasmhara eile, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, a mbarúlacha a thabhairt maidir leis na bearta nó na doiciméid sin atá beartaithe a fhoilseofar de bhun mhír 1 nó mhír 2.

4. A mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, breithneoidh gach Páirtí na barúlacha a fuarthas de bhun mhír 3[5].

5. Agus dlí nó rialachán a bhfuil feidhm ghinearálta aige dá dtagraítear i mír 1 á fhoilsiú aige, nó roimh an bhfoilsiú sin, a mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, féachfaidh gach Páirtí le cuspóir agus réasúnaíocht an dlí nó an rialacháin sin a mhíniú.

6. A mhéid is indéanta, féachfaidh gach Páirtí le tréimhse ama réasúnta a cheadú idir foilsiú dlí nó rialacháin dá dtagraítear i mír 1 agus dáta a chur i bhfeidhm ar infheisteoirí.

[5] Ní fhorchuirtear leis an bhforáil seo aon oibleagáid ar Pháirtí i ndáil leis an gcinneadh críochnaitheach maidir le glacadh nó coinneáil ar bun aon bhirt chun infheistíocht a údarú.

AIRTEAGAL 9

Trédhearcacht an chreata infheistíochta

1. Cuirfidh gach Páirtí an méid seo leanas ar fáil trí mheán leictreonach, amhail trí shuíomh gréasáin a bheidh inrochtana trí thairseach aonair i gcás inarb indéanta, agus déanfaidh sé an méid seo a leanas a thabhairt cothrom le dáta a mhéid is féidir agus de réir mar is iomchuí:

(a) dlíthe agus rialacháin a bhaineann go sonrach leis an infheistíocht;

(b) srianta agus coinníollacha a bhaineann leis an infheistíocht; agus

(c) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha.

2. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil, i gcás inarb indéanta, trí mheán leictreonach amhail suíomh gréasáin a bheidh inrochtana tríd an tairseach aonair dá dtagraítear i mír 1, agus tabharfaidh sé cothrom le dáta a mhéid is féidir agus de réir mar is iomchuí, tuairisc a chuirfidh infheisteoirí agus daoine leasmhara eile ar an eolas faoi na céimeanna praiticiúla is gá chun infheistíocht a dhéanamh ina chríoch, lena n-áirítear na ceanglais agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) cuideachta a bhunú agus gnólacht a chlárú;

(b) nascadh le bonneagar riachtanach, amhail leictreachas agus soláthar uisce;

(c) maoin a fháil agus a chlárú, amhail cearta úinéireachta talún;

(d) ceadanna tógála;

(e) aistrithe caipitil agus íocaíochtaí;

(f) inmhalartacht airgeadra;

(g) cánacha a íoc;

(h) rochtain ar mhaoiniú, go háirithe le haghaidh MFBManna; agus

(i) dócmhainneacht a réiteach.

3. Ní ghearrfar táille ar aon infheisteoir as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil de bhun an Airteagail seo nó Airteagal 7.

## AIRTEAGAL 10

### Trédhearcacht dreasachtaí infheistíochta

1. Cuirfidh gach Páirtí faisnéis maidir le dreasachtaí infheistíochta ar fáil trí mheán leictreonach, amhail trí shuíomh gréasáin a bheidh inrochtana trí thairseach aonair i gcás inarb indéanta, agus déanfaidh sé an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta a mhéid is féidir agus de réir mar is iomchuí.

2. Leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cumhdófar na dreasachtaí uile atá ar fáil d'infheisteoirí, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, dreasachtaí cánacha agus aistrithe comhchineáil, lena n-áirítear dreasachtaí neamhairgeadais.

3. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 na heilimintí seo a leanas:

(a) bunús dlí na dreasachta;

(b) foirm na dreasachta;

(c) ceanglais incháilitheachta na dreasachta;

(d) próiseas iarratais don dreasacht, lena n-áirítear na foirmeacha agus na doiciméid is gá; agus

(e) sonraí teagmhála an údaráis inniúil.

## AIRTEAGAL 11

### Faisnéis rúnda a nochtadh

Ní cheanglófar ar Pháirtí le haon ní sa Chomhaontú seo faisnéis rúnda a sholáthar a gcuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí nó a bheadh contrártha do leas an phobail ar bhealach eile, nó a dhéanfadh dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar áirithe, idir phoiblí agus phríobháideach.

# CAIBIDIL III

# NÓSANNA IMEACHTA ÚDARAITHE A CHUÍCHÓIRIÚ

## AIRTEAGAL 12

### Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid na bPáirtithe a bhaineann le hinfheistíocht a údarú.

AIRTEAGAL 13

Iarratais a chur isteach

Seachnóidh gach Páirtí, a mhéid is indéanta, a cheangal ar iarratasóir dul i dteagmháil le níos mó ná údarás inniúil amháin i dtaca le gach iarratas ar údarú. I gcás ina bhfuil gníomhaíocht a n-iarrtar údarú ina leith laistigh de dhlínse an iliomad údarás inniúil, féadtar go n-éileofar iarratais iomadúla.

AIRTEAGAL 14

Tráthchláir na n-iarratas

Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, cinnteoidh sé go gceadóidh a údaráis inniúla, a mhéid is indéanta, go gcuirfear iarratas isteach tráth ar bith i rith na bliana. Más ann do thréimhse shonrach ama chun iarratas a dhéanamh ar údarú, cinnteoidh an Páirtí go gceadóidh na húdaráis inniúla tréimhse réasúnta ama chun iarratas a chur isteach.

AIRTEAGAL 15

Iarratais leictreonacha agus glacadh le cóipeanna

Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, áiritheoidh sé go ndéanfaidh a gcuid údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) a mhéid is indéanta, glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach; agus

(b) glacadh le cóipeanna de dhoiciméid, atá fíordheimhnithe de réir dhlí an Pháirtí, in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go gceanglaíonn na húdaráis inniúla doiciméid bhunaidh chun sláine an phróisis údarúcháin a chosaint.

AIRTEAGAL 16

Próiseáil iarratas

1. Má tá údarú de dhíth ar Pháirtí, áiritheoidh sé go ndéanfaidh a gcuid údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) a mhéid is indéanta, tráthchlár táscach a sholáthar le haghaidh phróiseáil an iarratais;

(b) arna iarraidh sin don iarratasóir, faisnéis maidir le stádas an iarratais a sholáthar gan moill mhíchuí;

(c) a mhéid is indéanta, iomláine an iarratais ar phróiseáil faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí a chinneadh gan moill mhíchuí;

(d) má mheasann siad go bhfuil iarratas iomlán chun críocha próiseála faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí[6], laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis an t-iarratas a chur isteach, áiritheoidh siad:

(i) go ndéanfar próiseáil an iarratais a chur i gcrích; agus

(ii) go gcuirfear an cinneadh maidir leis an iarratas in iúl don iarratasóir, a mhéid is indéanta, i scríbhinn[7];

(e) má mheasann siad go bhfuil iarratas neamhiomlán chun críocha próiseála faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí, laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis an t-iarratas a chur isteach, áiritheoidh siad an méid seo a leanas, a mhéid is indéanta:

(i) a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán;

(ii) arna iarraidh sin don iarratasóir, a shainaithint cén fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar chun an t-iarratas a chomhlánú nó treoraíocht a sholáthar ar bhealach eile maidir leis an gcúis a meastar an t-iarratas a bheith neamhiomlán;

---

[6] Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go gcuirfear gach faisnéis isteach i bhformáid shonraithe chun a mheas ‘ go bhfuil sé iomlán chun críoch próiseála’.

[7] Féadfaidh údaráis inniúla an ceanglas sin a chomhlíonadh a leagtar amach i bpointe (ii) trína chur in iúl roimh ré i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear trí bheart foilsithe, mura bhfaightear freagairt laistigh de thréimhse ama sonraithe ó dháta chur isteach an iarratais gur tásc é sin go bhfuil glactha leis an iarratas. Is é a thuigfear leis an tagairt do ‘i scríbhinn’ go gcuimsítear inti i bhformáid leictreonach chomh maith.

(iii) deis a thabhairt don iarratasóir an fhaisnéis bhreise a sholáthar chun an t-iarratas a chur i gcrích[8]; agus

(iv) mura bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) indéanta, agus má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar neamhiomláine, an t-iarratasóir a chur ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta ama; agus

(f) má dhiúltaítear d'iarratas, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don iarratasóir, a chur in iúl don iarratasóir na cúiseanna leis an diúltú agus an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin agus, más infheidhme, na nósanna imeachta chun iarratas a chur isteach an athuair; nach gcuirfear cosc ar iarratasóir iarratas eile a chur isteach ar an mbonn gur diúltaíodh iarratas roimhe sin agus ar an mbonn sin amháin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh a údaráis inniúla údarú a luaithe a shuífear, i bhfianaise scrúdú iomchuí, go bhfuil na coinníollacha chun údarú a fháil á gcomhlíonadh ag an iarratasóir.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go dtiocfaidh údarú i bhfeidhm, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme[9].

---

8 Ní cheanglaítear leis an 'deis' sin ar údarás inniúil síneadh a chur leis na sprioc-amanna.

9 Ní bheidh locht ar údaráis inniúla as aon mhoill de dheasca cúiseanna nach bhfuil siad freagrach astu.

## AIRTEAGAL 17

### Táillí

1. Maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch, seachas seirbhís airgeadais, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na táillí údarúcháin a ghearrfaidh a údaráis inniúla réasúnta agus trédhearcach agus nach gcuirfear srian ar ghníomhaíochtaí infheistíochta mar thoradh orthu féin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis inniúla, i ndáil leis na táillí údarúcháin a ghearrann siad maidir le seirbhísí airgeadais, sceideal táillí a sholáthar d'iarratasóir nó faisnéis maidir leis an gcaoi a gcinntear méideanna na dtáillí. Ní úsáidfidh Páirtí táillí den sórt sin mar bhealach chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí a sheachaint.

3. Ní áirítear le táillí údarúcháin táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar.

4. Ach amháin in imthosca práinne, ceadóidh gach Páirtí tréimhse ama leordhóthanach idir foilsiú agus teacht i bhfeidhm táillí nua nó leasaithe a bhaineann leis na nósanna imeachta údaraithe infheistíochta, nó idir foilsiú faisnéise lena gcuirfear ar chumas infheisteoirí ríomh na dtáillí sin a thuiscint agus teacht i bhfeidhm na táillí sin. Ní chuirfear na táillí sin i bhfeidhm go dtí go bhfoilseofar an fhaisnéis sin.

5. A mhéid is indéanta, déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceadófar an rogha íocaíocht leictreonach a dhéanamh ar tháillí arna mbailiú ag údaráis inniúla ábhartha chun infheistíochtaí a údarú.

AIRTEAGAL 18

Oibiachtúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas

Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí ar bun beart a bhaineann le húdarú, áiritheoidh sé, maidir leis an údarás inniúil lena mbaineann, go bpróiseálfaidh sé an t-iarratas, go dtiocfaidh sé ar a chinntí agus go riarfaidh sé a chinntí go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar bhealach atá neamhspleách ar thionchar míchuí aon duine a dhéanann an ghníomhaíocht infheistíochta a bhfuil údarú ag teastáil ina leith.[10]

AIRTEAGAL 19

Foilsiú agus faisnéis atá ar fáil má tá údarú ag teastáil

1. Má theastaíonn údarú ó Pháirtí, foilseoidh sé go pras an fhaisnéis is gá d'infheisteoirí chun go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais, na caighdeáin theicniúla agus na nósanna imeachta maidir leis an údarú sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú nó a athnuachan. Áireofar san fhaisnéis sin, a mhéid is ann di:

(a) na ceanglais, lena n-áirítear na rialacháin agus na caighdeáin theicniúla ábhartha, is infheidhme maidir leis an infheistíocht;

[10]Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear struchtúr riaracháin ar leith leis an bhforáil seo; tagraíonn sé don phróiseas cinnteoireachta agus do riar na gcinntí.

(b) na foirmeacha ábhartha;

(c) nósanna imeachta;

(d) tráthchláir tháscacha le haghaidh iarratas a phróiseáil;

(e) táillí údarúcháin;

(f) deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, amhail trí éisteachtaí nó tuairimí a thabhairt;

(g) nósanna imeachta um achomharc nó athbhreithniú ar chinntí a bhaineann le hiarratais;

(h) nósanna imeachta um fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na n-údaruithe, nó comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin a fhorfheidhmiú; agus

(i) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha.

2. Moltar do gach Páirtí foilseacháin leictreonacha a chomhdhlúthú in aon tairseach amháin.

AIRTEAGAL 20

Forbairt beart

Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí ar bun bearta a bhaineann le húdarú, áiritheoidh sé:

(a) go mbeidh na bearta sin bunaithe ar chritéir shoiléire oibiachtúla thrédhearcacha a bhféadfadh a bheith ar áireamh iontu an inniúlacht agus an cumas an ghníomhaíocht infheistíochta údaraithe a shaothrú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais rialála Páirtí, amhail ceanglais sláinte agus comhshaoil, agus é á thuiscint go bhféadfaidh údaráis inniúla an t-ualú atá le tabhairt do gach critéar a mheasúnú;

(b) go bhfuil na nósanna imeachta neamhchlaonta, go bhfuil rochtain éasca ag na hiarratasóirí uile orthu agus go bhfuil siad leordhóthanach chun a chur ar chumas do na hiarratasóirí a léiriú go gcomhlíonann siad na ceanglais; agus

(c) nach gcuireann na nósanna imeachta iontu féin cosc dochosanta ar chomhlíonadh na gceanglas.

CAIBIDIL IV

POINTÍ FÓCASACHA AGUS RÓL A THABHAIRT DO PHÁIRTITHE LEASMHARA

AIRTEAGAL 21

Pointe fócasach maidir le hinfheistíocht a éascú

1. Ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí, déanfaidh gach Páirtí pointí fócasacha iomchuí maidir le hinfheistíocht a éascú a choinneáil ar bun nó a bhunú, ar pointí fócasacha iad a fheidhmeoidh mar chéad phointí teagmhála d'infheisteoirí maidir le bearta a dhéanann difear d'infheistíocht.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfreagróidh pointí fócasacha maidir le hinfheistíocht a éascú d'fhiosrúcháin ó infheisteoirí agus ó phointí fócasacha maidir le hinfheistíocht a éascú arna mbunú ag an bPáirtí eile de bhun an Airteagail seo chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Chomhaontaithe seo.

3. Mura féidir le pointe fócasach maidir le hinfheistíocht a éascú freagra a thabhairt ar fhiosrúchán de bhun mhír 2, féachfaidh sé leis an gcúnamh is gá a chur ar fáil don fhiosraitheoir chun an fhaisnéis ábhartha a fháil.

4. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir fiosrúcháin agus faisnéis de bhun an Airteagail seo a chur isteach trí mheán leictreonach.

5. Faisnéis a sholáthraítear de bhun an Airteagail seo, beidh sí gan dochar do cé acu atá an beart comhsheasmhach leis an gComhaontú seo nó nach bhfuil.

AIRTEAGAL 22

Naisc leis an ngeilleagar óstach

Moltar do gach Páirtí faisnéis maidir le soláthróirí intíre a chur ar fáil d'infheisteoirí d'fhonn naisc leis an ngeilleagar áitiúil a neartú, iomaíochas idir soláthróirí intíre a mhéadú agus rannchuidiú na hinfheistíochta le forbairt inbhuanaithe a fheabhsú.

AIRTEAGAL 23

Sásraí um réiteach fadhbanna

1. Féachfaidh gach Páirtí le sásraí iomchuí a bhunú nó a choinneáil ar bun chun fadhbanna a réiteach d'infheisteoirí, fadhbanna a d'fhéadfadh eascairt as cur i bhfeidhm aon bhirt a bhfuil feidhm ghinearálta aige a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

2. Beidh na sásraí dá dtagraítear i mír 1 inrochtana go héasca, lena n-áirítear do MFBManna, faoi cheangal ama agus trédhearcach. Beidh siad gan dochar d'aon nós imeachta achomhairc nó athbhreithniúcháin a bhunóidh Páirtí nó a choinneoidh sé ar bun agus don sásra um réiteach díospóidí a bunaíodh de bhun Chaibidil VI den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 24

Comhordú idirghníomhaireachta intíre

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar intíre na n-údarás agus na

ngníomhaireachtaí atá freagrach as bearta agus nósanna imeachta a bhaineann le hinfheistíocht a rialáil agus a chur chun feidhme mar bhealach chun infheistíocht a éascú, a mhealladh, a choinneáil agus a leathnú.

2. Féachfaidh gach Páirtí le sásraí a bhunú nó a choinneáil ar bun chun gníomhaíochtaí a chomhordú d'fhonn:

(a) infheistíocht a éascú;

(b) comhleanúnachas rialála agus intuarthacht beart agus nósanna imeachta rialtais a spreagadh; agus

(c) comhleanúnachas beart agus nósanna imeachta infheistíochta lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla a chur chun cinn.

3. Moltar do gach Páirtí príomhghníomhaireacht a ainmniú, ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí, chun an comhordú a éascú.

AIRTEAGAL 25

Comhleanúnachas rialála agus measúnuithe tionchair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le creat rialála le haghaidh infheistíochta atá éifeachtach, comhsheasmhach, trédhearcach agus intuartha.

2. Moltar do gach Páirtí measúnú tionchair a dhéanamh ar mhórbhearta[11] a bhfuil feidhm ghinearálta acu atá á n-ullmhú aige agus a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin.

[11] Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh céard is 'mórbheart' ann a bhfuil feidhm ghinearálta aige chun críocha an Chomhaontaithe seo.

3. Aithníonn na Páirtithe, agus na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i mír 2 á ndéanamh acu, gur cheart an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá beartaithe ar MFBManna agus ar fhorbairt inbhuanaithe a chur san áireamh.

AIRTEAGAL 26

Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus athbhreithnithe tréimhsiúla

1. Moltar do gach Páirtí athbhreithniú a dhéanamh, ag eatraimh a mheasann sé a bheith iomchuí, ar a bhearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu a chumhdaítear leis an gComhaontú seo chun a chinneadh ar cheart bearta sonracha atá curtha chun feidhme aige a mhodhnú, a chuíchóiriú, a leathnú nó a aisghairm, ionas go mbeidh creat infheistíochta an Pháirtí níos éifeachtaí ó thaobh a chuspóirí beartais a bhaint amach agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha MFBManna.

2. Moltar do gach Páirtí athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a tháillí údarúcháin d'fhonn a líon agus a n-éagsúlacht a laghdú.

3. Moltar do gach Páirtí, ina chuid cleachtaí athbhreithnithe, aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú agus leas a bhaint as táscairí feidhmíochta idirnáisiúnta ábhartha.

4. Iarrtar ar na Páirtithe a dtaithí a roinnt sa Choiste um Infheistíocht a Éascú dá dtagraítear in Airteagal 43 maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil agus moltaí beartais a eascraíonn as sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 27

Gan réiteach díospóide a chur i bhfeidhm

Níl feidhm ag Caibidil VI maidir le hAirteagail 24, 25 agus 26.

CAIBIDIL V

INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 28

Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe gurb é a chuimsítear leis an bhforbairt inbhuanaithe forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, go bhfuil na trí nithe spleách ar a chéile agus go dtreisíonn siad a chéile agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanas infheistíocht a éascú ar bhealach lena gcuidítear le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

2. Is é is cuspóir don Chaibidil seo an caidreamh infheistíochta idir na Páirtithe a fheabhsú ar bhealach a rannchuidíonn leis an bhforbairt inbhuanaithe, go háirithe ina gnéithe saothair agus comhshaoil atá ábhartha don infheistíocht, lena n-áirítear trí idirphlé agus comhar a neartú.

AIRTEAGAL 29

An ceart chun rialáil agus leibhéal cosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, na leibhéil cosanta intíre don chomhshaol agus don saothar a mheasann sé a bheith iomchuí a bhunú, agus a dhlíthe agus a bheartais ábhartha a ghlacadh nó a mhodhnú dá réir sin. Beidh leibhéil chosanta, dlíthe agus beartais den sórt sin i gcomhréir le gealltanais gach Páirtí do na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

2. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlí agus ina bheartais ábhartha d'ardleibhéil chosanta don chomhshaol agus don saothar, agus spreagfaidh sé a leithéid, agus déanfaidh sé gach iarracht chun leanúint d'fheabhas a chur orthu.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlíthe comhshaoil nó saothair a lagú nó a laghdú chun infheistíocht a spreagadh.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlíthe comhshaoil nó saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh ar bhealach eile, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, chun infheistíocht a spreagadh.

5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlíthe comhshaoil nó saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun infheistíocht a spreagadh.

AIRTEAGAL 30

Caighdeáin agus comhaontuithe saothair iltaobhacha

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas forbairt na hinfheistíochta a chur chun cinn ar bhealach lena gcuideofar le hobair chuibhiúil do chách, i gcomhréir lena n-oibleagáidí féin faoi Dhearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'CIS' anseo feasta) sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008.

2. I gcomhréir le Bunreacht EIS, a glacadh an 28 Meitheamh 1919, agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus lena Bhearta Leantacha, arna ghlacadh ag ILC sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, arna leasú in 2022, déanfaidh gach Páirtí na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha san obair, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha EIS iad, a urramú, a chur chun cinn agus a bhaint amach, agus déanfaidh sé Coinbhinsiúin EIS atá daingnithe ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus ag Eacuadór faoi seach a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS nach bhfuil siad ina bPáirtithe iontu go fóill a dhaingniú.

4. Cuirfidh gach Páirtí beartais infheistíochta chun cinn lena gcuirtear cuspóirí Chlár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS chun cinn, i gcomhréir le Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, agus le Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, arna ghlacadh ag ILC sa Ghinéiv an 21 Meitheamh 2019.

5. I gcomhsheasmhacht lena chuid gealltanas faoi EIS, bunóidh gach Páirtí, mura bhfuil sin déanta aige go fóill, córas cigireachta saothair éifeachtach do gach earnáil eacnamaíoch, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta agus mianadóireachta, agus coinneoidh sé ar bun é.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le hinfheistíocht d'ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear in EIS, de réir mar is iomchuí.

## AIRTEAGAL 31

### Rialachas agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialachas idirnáisiúnta comhshaoil, go háirithe ról Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear 'UNEP' anseo feasta), agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshláin chomhshaoil domhanda nó réigiúnacha, agus cuireann siad i dtábhacht an gá atá ann an tacaíocht fhrithpháirteach idir beartais, rialacha agus bearta infheistíochta agus beartais, rialacha agus bearta chomhshaoil a fheabhsú.

2. Cuirfidh gach Páirtí na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus a bprótacail a bhfuil sé ina bpáirtí iontu i bhfeidhm go héifeachtach. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas forbairt na hinfheistíochta a chur chun cinn ar bhealach a gcuideoidh le hardleibhéil chosanta don chomhshaol.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le hinfheistíocht d'ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, in UNEP, i gComhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, maidir le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, agus san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear 'EDT' anseo feasta).

AIRTEAGAL 32

Infheistíocht agus athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le gníomhú go práinneach chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac, agus aithníonn siad ról na hinfheistíochta chun an cuspóir sin a shaothrú, i gcomhréir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (dá ngairtear 'UNFCCC' anseo feasta), le Comhaontú Pháras, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (dá ngairtear 'Comhaontú Pháras' anseo feasta), agus le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus ionstraimí iltaobhacha eile i réimse an athraithe aeráide.

2. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) UNFCCC agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear gealltanais i ndáil le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta; agus

(b) tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn i gcás beartas agus beart infheistíochta agus aeráide agus, ar an gcaoi sin, cuirfidh leis an aistriú i dtreo geilleagair ina mbeidh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní agus geilleagar ciorclach, agus i dtreo forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le hinfheistíocht d'ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear faoi UNFCCC, faoi Chomhaontú Pháras agus faoi Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna dhéanamh in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987, agus san EDT, san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 33

Rannchuidiú na hinfheistíochta le forbairt inbhuanaithe

1. I gcomhréir lena ngealltanas rannchuidiú na hinfheistíochta le sprioc na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú, déanfaidh na Páirtithe infheistíocht i dtáirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe agus in earraí agus seirbhísí comhshaoil a éascú agus a spreagadh, chomh maith le hinfheistíocht atá ábhartha maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, amhail infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite agus san éifeachtúlacht fuinnimh.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na hinfheistíochta chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir leis na comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ábhartha a bhfuil siad ina bpáirtí iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, arna dhéanamh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 agus na Prótacail a ghabhann leis, agus an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol, arna dhéanamh in Washington D.C. an 3 Márta 1973 (dá ngairtear 'CITES' anseo feasta), agus na cinntí arna nglacadh faoi na Coinbhinsiúin sin.

3. Déanfaidh gach Páirtí infheistíocht a éascú le haghaidh úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha agus caomhnú na bithéagsúlachta, agus déanfaidh sé bearta chun an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú nuair a bheidh sí faoi réir brúnna a bhaineann le hinfheistíocht.

4. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus le ról na hinfheistíochta chun na cuspóirí sin a shaothrú. Dá réir sin, déanfaidh gach Páirtí infheistíocht a éascú ar bhealach atá comhsheasmhach le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí.

5. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an ról atá ag an infheistíocht chun na cuspóirí sin a shaothrú. Dá réir sin, éascóidh gach Páirtí infheistíocht ar bhealach atá comhsheasmhach le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais muirí, agus le cur chun cinn an dobharshaothraithe fhreagraigh agus inbhuanaithe.

6. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le hinfheistíocht d'ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus faoi CITES.

AIRTEAGAL 34

Iompar freagrach gnó

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hiompar freagrach gnó agus le ról na hinfheistíochta chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. Déanfaidh gach Páirtí glacadh le cleachtais atá ailínithe le hiompar freagrach gnó ag fiontair agus infheisteoirí a chur chun cinn.

3. Tacóidh gach Páirtí le scaipeadh agus le húsáid ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir ghaolmhar maidir le dícheall cuí.

4. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe a bhaineann le hinfheistíocht d'ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus tionscnaimh for-rochtana.

AIRTEAGAL 35

Infheistíocht agus comhionannas inscne

1. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann beartais infheistíochta ionchuimsitheacha le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhionannas inscne, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus le cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le Trádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan i ndáil le Comhdháil Aireachta EDT, a reáchtáladh in Buenos Aires i mí na Nollag 2017. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann mná go mór leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear infheistíocht. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht a rún chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach a dhéanann comhionannas inscne a chur chun cinn agus a fheabhsú.

2. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú maidir le gnéithe d’ábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo a bhaineann le hinfheistíocht, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, i measc nithe eile, trí ghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar dhálaí le haghaidh na mban, lena n-áirítear oibrithe, mná gnó agus fiontraithe, chun gur féidir leo teacht ar na deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú seo agus tairbhe a bhaint astu.

CAIBIDIL VI

DÍOSPÓID A SHEACHAINT AGUS A RÉITEACH

AIRTEAGAL 36

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le réiteach a fháil ar aon díospóid eatarthu maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, trí dhul i mbun comhairliúcháin de mheon macánta d'fhonn teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach.

2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn a sheachadfar chuig an bPáirtí eile ina sainaithneofar na bearta atá i gceist agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo a mheasann sé gur mhainnigh an Páirtí eile iad a chomhlíonadh.

3. An Páirtí a ndéanfar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige, freagróidh sé an iarraidh laistigh de 10 lá tar éis dháta a seachadta.

4. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tionólfar comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata agus reáchtálfar iad i gcríoch an Pháirtí a ndéantar an iarraidh chuige.

5. Le linn comhairliúchán, soláthróidh gach Páirtí faisnéis fhíorasach leordhóthanach chun gur féidir scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart atá i gceist na hoibleagáidí ábhartha faoin gComhaontú seo a shárú.

6. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a údarás rialtais inniúil, ag a bhfuil saineolas san ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

7. Mar chuid de chomhairliúcháin maidir le hábhair a bhaineann leis na comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil nó saothair nó leis na hionstraimí iltaobhacha comhshaoil nó saothair dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, cuirfidh na Páirtithe san áireamh faisnéis ó EIS nó ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí ábhartha arna mbunú faoi chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha chun comhleanúnachas a chur chun cinn idir obair na bPáirtithe agus obair na gcomhlachtaí nó na n-eagraíochtaí sin. I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ó na comhlachtaí nó ó na eagraíochtaí sin, nó ó aon saineolaí nó aon chomhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

8. Féadfaidh gach Páirtí dearcadh na sochaí sibhialta dá dtagraítear faoi Airteagal 46 a lorg, más iomchuí.

9. Is faoi rún a bheidh comhairliúcháin, agus go háirithe an fhaisnéis uile a nochtfaidh na Páirtithe agus na seasaimh uile a ghlacfaidh na Páirtithe le linn na gcomhairliúchán.

AIRTEAGAL 37

Réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach

1. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, tráth ar bith, i ndáil le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 36.

2. Glacfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach a chur chun feidhme. Mura féidir é a chur chun feidhme láithreach, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le tréimhse ama réasúnta lena chur chun feidhme.

3. Tráth nach déanaí ná dul in éag na tréimhse ama a comhaontaíodh dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn faoi aon bheart a ghlac sé chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme.

4. Mura mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach laistigh de 120 lá ó dháta na hiarrata ar chomhairliúcháin, nó i gcás nach gcuirfear an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach chun feidhme laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Páirtí a d'iarr comhairliúcháin de bhun Airteagal 36 a iarraidh go mbunófar painéal chun an díospóid a réiteach. Is trí bhíthin iarraidh i scríbhinn chuig an bPáirtí eile a dhéanfar an iarraidh chun painéal a bhunú ('iarraidh ar phainéal').

AIRTEAGAL 38

Nósanna imeachta an phainéil

1. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 37(4). Mura dtiocfar ar chomhaontú den sórt sin laistigh de 30 lá tar éis sheachadadh na hiarrata ar phainéal de bhun Airteagal 37(4), ceapfaidh gach Páirtí painéalaí laistigh de thréimhse bhreise 30 lá eile.

Déanfaidh na painéalaithe arna gceapadh ag na Páirtithe cathaoirleach an phainéil a cheapadh go comhpháirteach, agus ní bheidh náisiúntacht ceachtar Páirtí aige.

2. Mura gceapann Páirtí amháin painéalaí laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear i mír 1, féadfaidh an Páirtí eile a iarraidh ar Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána painéalaí a cheapadh.

Mura gceapfaidh na painéalaithe cathaoirleach laistigh de 30 lá tar éis a gceaptha de bhun mhír 1, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána cathaoirleach a cheapadh.

3. Déanfaidh an painéal measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, cinnfidh an painéal na rialacha nós imeachta is infheidhme.

4. Má chinneann an painéal nach bhfuil an beart atá i gceist i gcomhréir le forálacha an Chomhaontuithe seo, déanfaidh an Páirtí a ndearnadh an gearán ina choinne aon bheart is gá chun é féin a thabhairt i gcomhréir go pras.

5. Gan dochar do mhír 4, pléifidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do Pháirtí, na bearta a bheidh le cur chun feidhme agus tuarascáil an phainéil á cur san áireamh.

6. Déanfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú faireachán ar an obair leantach ar an tuarascáil ón bpainéal.

## AIRTEAGAL 39

### Trédhearcacht

Cuirfidh gach Páirtí an méid seo a leanas ar fáil go poiblí go pras:

(a) iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 36;

(b) réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach de bhun Airteagal 37; agus

(c) bearta arna ndéanamh de bhun Airteagal 38.

## AIRTEAGAL 40

### Tréimhsí ama

1. Déantar na tréimhsí uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an ghnímh dá dtagraíonn siad.

2. Aon tréimhse a leagtar amach sa Chaibidil seo, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 41

Nós imeachta idirghabhála

1. Féadfaidh Páirtí a iarraidh tráth ar bith dul i mbun nós imeachta idirghabhála i ndáil le haon bheart a dhéanann Páirtí a líomhnaítear go ndéanann sé dochar d'infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach amháin le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe chun réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú agus aon chomhairle agus réitigh molta ag an idirghabhálaí arna gceapadh ag na Páirtithe a mheas.

3. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach a comhaontófar ar bhealach frithpháirteach laistigh de 90 lá tar éis cheapachán an idirghabhálaí.

4. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tá na céimeanna uile den nós imeachta idirghabhála, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta, rúnda. Féadfaidh Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

5. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe de bhun Airteagail 36 agus 38 nó faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile.

CAIBIDIL VII

# COMHAR AGUS FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

## AIRTEAGAL 42

### Cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta chun infheistíocht a éascú

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le cúnamh teicniúil agus forbairt acmhainní agus geallann siad go n-oibreoidh siad i gcomhar chun an timpeallacht infheistíochta in Eacuadór a neartú agus chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Cuirfear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 i gcrích faoi chuimsiú rialacha agus nósanna imeachta ábhartha chomhar agus ionstraimí an Aontais Eorpaigh um fhorbairt.

3. Ba cheart iarrataí ar chúnamh a bheith bunaithe ar riachtanais arna sainaithint agus i gcomhréir le hathchóirithe maidir le hinfheistíocht intíre a éascú. Beidh cúnamh faoi réir téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach.

4. Déanfaidh na Páirtithe faoi chuimsiú an Choiste um Infheistíocht a Éascú an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú agus dul chun cinn maidir le cúnamh teicniúil agus tacaíocht d’fhothú acmhainneachta maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú; agus

(b) riachtanais le haghaidh cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a shainaithint.

AIRTEAGAL 43

Coiste um Infheistíocht a Éascú

1. Chun a áirithiú go n-oibreoidh an Comhaontú seo go cuí agus go héifeachtach, bunóidh na Páirtithe leis seo Coiste um Infheistíocht a Éascú ar a mbeidh ionadaithe ón dá Pháirtí.

2. Tionólfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú a chéad chruinniú tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú le chéile ar bhonn bliantúil, mura gcomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe a mhalairt, nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

3. Tionólfar cruinnithe an Choiste um Infheistíocht a Éascú san Aontas nó in Eacuadór gach re seal, mura gcomhaontóidh ionadaithe na bPáirtithe a mhalairt. Féadfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú teacht le chéile duine le duine nó trí mhodh cumarsáide iomchuí eile, mar a chomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe.

4. Beidh an tAire um Tháirgeadh, um Thrádáil agus um Infheistíochtaí, i gcás Eacuadór, agus, i gcás an Aontais, Comhalta an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as Trádáil, nó a n-ainmnithe faoi seach, ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste um Infheistíocht a Éascú.

AIRTEAGAL 44

Feidhmeanna an Choiste um Infheistíocht a Éascú

1. Déanfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú:

(a) bealaí chun feabhas breise a chur ar an gcaidreamh infheistíochta idir na Páirtithe a bhreithniú;

(b) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a mhaoirsiú agus a éascú, agus a aidhmeanna ginearálta a chur chun cinn;

(c) bealaí agus modhanna oiriúnacha a lorg chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sheachaint nó chun díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach;

(d) aon ábhar leasa a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a bhreithniú, mar a chomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe;

(e) arna iarraidh sin do Pháirtí, fiosrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21 agus iarrataí ar chúnamh riaracháin a bhreithniú; agus

(f) feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gComhaontú seo a phlé, go háirithe i bhfianaise na taithí agus na bhforbairtí i bhfóraim idirnáisiúnta eile agus faoi chomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích ag na Páirtithe.

2. Glacfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú a rialacha nós imeachta féin ag a chéad chruinniú.

AIRTEAGAL 45

Cinntí agus moltaí an Choiste um Infheistíocht a Éascú

1. Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, beidh an chumhacht ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú seo. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe. Glacfaidh na Páirtithe bearta a bhfuil gá leo chun na cinntí sin a chur chun feidhme.

2. Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, féadfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú moltaí iomchuí a dhéanamh i leith gach ábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

3. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Coiste um Infheistíocht a Éascú a chinntí agus a dhéanfaidh sé a mholtaí.

AIRTEAGAL 46

Comhphlé leis an tsochaí shibhialta

1. Eagróidh na Páirtithe comhphlé leis an tsochaí shibhialta (dá ngairtear an ‘comhphlé’ anseo feasta) chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a phlé.

2. Déanfaidh na Páirtithe ionadaíocht chothrom ar pháirtithe leasmhara ábhartha a chur chun cinn san idirphlé, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, atá gníomhach ar chúrsaí eacnamaíocha, forbartha inbhuanaithe, sóisialta, comhshaoil agus eile.

3. Cuirfear an comhphlé ar siúl go bliantúil, i gcomhar le cruinniú an Choiste um Infheistíocht a Éascú, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

4. Chun críocha an chomhphlé, cuirfidh na Páirtithe faisnéis ar fáil do na rannpháirtithe sa chomhphlé maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

5. Féadfar na tuairimí agus na barúlacha a chuirfear in iúl le linn an chomhphlé a chur faoi bhráid an Choiste um Infheistíocht a Éascú agus féadfar iad a chur ar fáil go poiblí.

6. Féadfaidh na Páirtithe a roghnú an t-idirphlé a eagrú trí shásraí atá ann cheana arna mbunú ag na Páirtithe maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, de réir mar is iomchuí.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 47

Eisceachtaí ginearálta

Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar in aghaidh infheisteoirí an Pháirtí eile agus a ngníomhaíochtaí infheistíochta, nó srianadh faoi cheilt orthu, i gcásanna comhchosúla[12], ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gcoiscfear ar cheachtar Páirtí bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choinneáil ar bun[13];

(b) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le:

(i) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaoiseacha a chosc nó déileáil le héifeachtaí mainneachtana i gconarthaí;

12 Léiríonn sé sin rún na bPáirtithe comhsheasmhacht a áirithiú le réamhrá Airteagal XX de GATT agus Airteagal XIV de GATS.

13 Ní fhéadfar na heisceachtaí slándála poiblí agus oird phoiblí a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt atá tromchúiseach go leor le ceann de leasanna bunúsacha na sochaí a chur i mbaol.

(ii) príobháideachas daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil agus scaipeadh sonraí pearsanta agus rúndacht taifead agus cuntas aonair a chosaint;

(iii) sábháilteacht.

AIRTEAGAL 48

Eisceachtaí slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní:

(a) lena gceanglaítear ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) chun Páirtí a chosc ar aon ghníomh a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) atá nasctha le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a gháinneáil agus leis an ngáinneáil agus na hidirbhearta sin in earraí agus ábhair, seirbhísí agus teicneolaíocht eile, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, arna ndéanamh go díreach nó go hindíreach chun bunaíocht mhíleata a sholáthar;

(ii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair óna bhfaightear iad;

(iii) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(c) chun Páirtí a chosc ó aon ghníomh a dhéanamh de bhun a oibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

## AIRTEAGAL 49

### Fad ama

Tugtar an Comhaontú seo i gcrích go ceann tréimhse ama gan teorainn.

## AIRTEAGAL 50

### Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Seolfar fógra don Aontas chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus seolfar fógra d'Eacuadór chuig an Aireacht um Ghnóthaí Eachtracha agus um Shoghluaisteacht Daoine.

2. Gabhfaidh éifeacht le foirceannadh an Chomhaontaithe seo 6 mhí tar éis don Pháirtí eile an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

## AIRTEAGAL 51

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na háiteanna a leanas:

(a) maidir leis an Aontas, na críocha a bhfuil an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh infheidhme maidir leo, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus

(b) maidir le hEacuadór, an chríoch ina bhfuil a limistéir ilchríochacha agus mhuirí, oileáin chóngaracha, farraige theorann, oileánra Galápagos, ithir, ardán fomhuirí, fo-ithir, agus an t-aerspás ilchríochach, oileánach agus muirí thuas, ar leagadh síos a dteorainneacha sna conarthaí a shínigh Eacuadór.

2. Tuigfear tagairtí do 'chríoch' sa Chomhaontú seo sa chiall dá dtagraítear i mír 1.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, sna tagairtí do na Conarthaí a shínigh Eacuadór i bpointe 1(b) de mhír 1, áirítear go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982. I gcás neamhréireacht idir an dlí náisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta, is ag an dlí idirnáisiúnta a bheidh forlámhas.

## AIRTEAGAL 52

### Leasuithe

Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn. Tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 57.

AIRTEAGAL 53

Aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach

1. Tabharfaidh an tAontas fógra d'Eacuadór faoi aon iarraidh ar aontachas tríú tír leis an Aontas Eorpach.

2. Tabharfaidh an tAontas fógra d'Eacuadór faoi theacht i bhfeidhm aon Chonartha i dtaobh aontachas tríú tír leis an Aontas.

AIRTEAGAL 54

Cearta príobháideacha

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a thugann cearta do dhaoine ná a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta poiblí, ná mar ní a cheadaíonn an Comhaontú seo a agairt go díreach i gcórais dlí Páirtí.

## AIRTEAGAL 55

### Tagairtí do dhlíthe agus do Chomhaontuithe eile

1. Mura sonraítear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt do dhlíthe agus do rialacháin Páirtí, tuigfear go mbeidh leasuithe ar na dlíthe agus na rialacháin sin san áireamh leo.

2. I gcás ina dtagraítear do chomhaontuithe idirnáisiúnta sa Chomhaontú seo, go hiomlán nó go páirteach, tuigfear go mbeidh san áireamh leo leasuithe orthu nó a gcomhaontuithe comharba a thiocfaidh i bhfeidhm don dá Pháirtí ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo nó ina dhiaidh sin. Má thagann aon ábhar chun cinn maidir le cur chun feidhme nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo mar thoradh ar leasuithe nó comhaontuithe comharba den sórt sin, féadfaidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, dul i gcomhairle le chéile d’fhonn teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh.

## AIRTEAGAL 56

### Iarscríbhinn leis an gComhaontú seo

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo í an Iarscríbhinn maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus Amhábhair a ghabhann leis.

## AIRTEAGAL 57

### Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear gur thug siad chun críche a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla infheidhme féin maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Seolfar na fógraí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Eacuadór um Ghnóthaí Eachtracha agus um Shoghluaisteacht Daoine.

## AIRTEAGAL 58

### Teangacha agus téacsanna barántúla

Dréachtaíodh an Comhaontú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Arna dhéanamh i/in/sa …, an … lá seo de … sa bhliain …

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht Eacuadór

IARSCRÍBHINN MAIDIR LE FUINNEAMH INBHUANAITHE AGUS AMHÁBHAIR

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí

1. Is é is cuspóir don Iarscríbhinn seo infheistíocht a éascú idir na Páirtithe i réimsí an fhuinnimh inbhuanaithe agus na n-amhábhar d'fhonn tús áite a thabhairt don aistriú fuinnimh agus d'fhonn inbhuanaitheacht comhshaoil a fheabhsú.

2. Comhlánaíonn an Iarscríbhinn seo an Comhaontú i réimsí an fhuinnimh inbhuanaithe agus na n-amhábhar.

AIRTEAGAL 2

Infheistíochtaí fuinnimh inbhuanaithe

1. Déanfaidh gach Páirtí bunú margaí fuinnimh atá oscailte, iomaíoch agus feidhmiúil a chur chun cinn trí chreataí dlíthiúla agus rialála trédhearcacha lena n-éascófar infheistíochtaí san fhuinneamh inbhuanaithe[1] agus san éifeachtúlacht fuinnimh.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha agus na ceanglais maidir le rialachas, rochtain agus úsáid eangacha fuinnimh (leictreachas agus gás) a fhoilsiú, lena n-áirítear na téarmaí, na coinníollacha agus na taraifí maidir le heangacha fuinnimh a rochtain agus a úsáid, chomh maith le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar na coinníollacha agus ar na ceanglais sin;

[1] Áirítear leis sin fuinneamh in-athnuaite chomh maith le cineálacha eile fuinnimh ghlain.

(b) na coinníollacha, na ceanglais, agus na maoluithe dá dtagraítear i bpointe (a) a riar ar bhealach réasúnta, oibiachtúil agus neamhchlaonta;

(c) féachfaidh sé le sásraí tacaíochta trédhearcacha iomaíocha a fhorbairt don fhuinneamh inbhuanaithe;

(d) a mhéid is indéanta, cuíchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta údaraithe infheistíochtaí i bhfuinneamh inbhuanaithe, amhail chun bonneagar giniúna, tarchurtha agus dáilte fuinnimh a thógáil; agus

(e) creataí rialála a chur chun cinn ina mhargadh agus go hidirnáisiúnta atá fabhrach d'infheistíochtaí i dtáirgeadh, in úsáid agus i dtrádáil fuinnimh inbhuanaithe, breoslaí in-athnuaite agus in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh agus teicneolaíochtaí gaolmhara.

AIRTEAGAL 3

Inbhuanaitheacht slabhraí luacha amhábhar

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le foinsiú cothrom, freagrach, neamhshaofa agus táirgeadh inbhuanaithe amhábhar[2] ar fud shlabhra luacha iomlán na dtionscal eastóscach, próiseála agus athchúrsála gaolmhar.

2. Chun críocha mhír 1, éascóidh gach Páirtí infheistíochtaí in amhábhair ar bhealach a rannchuidíonn le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, a dhéanann ceannasacht gach Páirtí ar a acmhainní nádúrtha a urramú go hiomlán, agus a sheasann le cearta na ndaoine sin a ndéantar difear dóibh bunaithe ar chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

3. Déanfaidh gach Páirtí bunú margaí amhábhar oscailte, iomaíocha agus feidhmiúla a chur chun cinn trí chreataí rialála agus dlíthiúla trédhearcacha lena n-éascófar infheistíochtaí i dtionscail

---

2 Ciallaíonn 'amhábhair' substaintí a úsáidtear i monarú táirgí tionsclaíocha, lena n-áirítear mianta, tiúcháin, slaigeanna, luaithreach agus ceimiceáin, agus substaintí eile, iad eastósctha, próiseáilte, neamhshaoirsithe, agus scagtha, lena n-áirítear substaintí athchúrsáilte.

eastóscacha, phróiseála agus athchúrsála amhábhar, agus trédhearcacht údaruithe, ceadanna agus, i gcás inarb iomchuí, téarmaí agus coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí geolaíocha á n-áirithiú go háirithe.

4. Cuirfidh gach Páirtí cleachtais inbhuanaithe agus fhreagracha chun cinn i dtionscail eastóscacha, phróiseála agus athchúrsála na n-amhábhar.

5. Chun críocha mhír 4, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) tacú le tionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun iompar freagrach gnó a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

(b) trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn maidir le húsáid agus bainistiú amhábhar, lena n-áirítear trí thionscnaimh ábhartha a chur chun cinn maidir le heastóscadh agus foinsiú freagrach agus inbhuanaithe amhábhar, amhail Treoir ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca, agus an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach; agus

(c) luachanna foinsithe fhreagraigh agus mianadóireachta freagraí a chur chun cinn chomh maith le huasmhéadú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn a earnálacha amhábhar agus na slabhraí luacha comhlachaithe tionsclaíocha le comhlíonadh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

## AIRTEAGAL 4

### Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh Páirtí go ndéanfar measúnú tionchair ar an gcomhshaol sula ndeonóidh an Páirtí sin údarú le haghaidh tionscadal a bhaineann le táirgeadh nó taiscéalaíocht earraí fuinnimh nó le táirgeadh amhábhar, i gcás ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an tionscadal ar an

gcomhshaol a bhaineann le haon cheann de na gnéithe a liostaítear i mír 2.

2. Sa mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol dá dtagraítear i mír 1, sainaithneofar agus déanfar measúnú, de réir mar is iomchuí, ar éifeacht tionscadail ar an méid seo a leanas:

(a) an daonra agus sláinte an duine;

(b) bithéagsúlacht;

(c) an talamh, an ithir, an aer agus an aeráid; agus

(d) oidhreacht chultúrtha agus tírdhreach, lena n-áirítear éifeacht a bhfuil coinne léi ó leochaileacht an tionscadail ó thaobh rioscaí timpistí nó tubaistí de ar ábhartha iad maidir leis an tionscadal lena mbaineann.

3. Maidir leis an measúnú tionchair ar an gcomhshaol dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Páirtí an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go mbeidh deis luath agus éifeachtach agus tréimhse ama iomchuí ag gach duine leasmhar, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun a bheith rannpháirteach sa mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol chomh maith le tréimhse ama iomchuí chun barúlacha a sholáthar maidir leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair ar an gcomhshaol;

(b) torthaí an mheasúnaithe tionchair ar an gcomhshaol a bhaineann le héifeachtaí an tionscadail ar an gcomhshaol a chur san áireamh; agus

(c) torthaí an mheasúnaithe tionchair ar an gcomhshaol a chur ar fáil don phobal sula ndeonófar údarú don tionscadal.